AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2020
COM(2020) 805 final

2018/0170 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

seasamh ón gComhairle i dtaca le Rialachán a ghlacadh lena leasófaí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise

2018/0170 (COD)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

seasamh ón gComhairle i dtaca le Rialachán a ghlacadh lena leasófaí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise

1. CÚLRA

An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 338 final – 2018/0170 COD):	an 24 Bealtaine 2018
Dáta na tuairime ón gCúirt Iniúchóirí:	an 15 Samhain 2018
Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh:	an 16 Aibreán 2019
An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle:	an 4 Nollaig 2020

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra seo:

(a) oibriú imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a oiriúnú do bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) d'fhonn an chomhlántacht is mó is féidir a áirithiú; agus

(b) an éifeachtacht atá ag feidhm imscrúdaitheach OLAF a fheabhsú a mhéid a bhaineann le roinnt saincheisteanna ar leith, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair, cigireachtaí, cúnamh ó údaráis náisiúnta, faisnéis cuntas bainc, inghlacthacht fianaise arna bailiú ag OLAF, seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise agus gníomhaíochtaí comhordúcháin.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Léiríonn seasamh na Comhairle arna ghlacadh ar an gcéad léamh an comhaontú ar thángthas air ag an gcruinniú tríthaobhach idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, cruinniú a tugadh i gcrích an 26 Meitheamh 2020. Cuimsítear an méid seo a leanas i bpríomhphointí an chomhaontaithe:

– cuirtear creat ar bun le haghaidh dlúthchaidreamh idir OLAF agus OIPE atá bunaithe ar chomhar dílis, ar chomhlántacht a gcuid sainorduithe agus ar

chomhordú a ngníomhaíochta; go háirithe, i gcásanna a mbeidh údar cuí leo agus mura ndéanfaidh OIPE agóid roimh sprioc-am áirithe, cuirtear ar a chumas do OLAF tús a chur le himscrúduithe a bheidh comhlántach le himscrúduithe EPPO chun aisghabháil, glacadh beart réamhchúraim riaracháin nó gníomhaíochtaí eile a éascú ar bhealach tráthúil; foráiltear freisin, nuair a thacaíonn OLAF le OIPE, nach mór do OIPE agus do OLAF a áirithiú go ndéanfar coimircí nós imeachta i gCaibidil VI de Rialachán OIPE a urramú, agus an dá Oifig ag gníomhú i ndlúthchomhar;

– feabhsaítear cumhachtaí imscrúdaitheacha OLAF trí chead a thabhairt don Oifig faisnéis cuntas bainc a iarraidh – eadhon clárlanna sealbhóirí cuntais agus, i gcás ina mbeidh fíorghá leis, idirbhearta – trí bhíthin comhar leis na húdaráis náisiúnta, faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis inniúla náisiúnta, agus faoi réir iarraidh réasúnaithe lena dtabharfar údar maith lena hoiriúnacht agus lena comhréireacht;

– neartaítear cearta nós imeachta an duine lena mbaineann imscrúdú OLAF trí chead a thabhairt don duine sin an tuarascáil chríochnaitheach a iarraidh agus rochtain a bheith aige uirthi, ach le toiliú fhaighteoirí uile na tuarascála sin amháin, agus i gcomhréir leis na rialacha rúndachta agus cosanta sonraí is infheidhme;

– cuirtear sraith chosanta eile le cearta agus ráthaíochtaí nós imeachta trí Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta a bhunú, Rialaitheoir a bheidh fostaithe ag Coiste Maoirseachta ó thaobh riaracháin de agus a cheapfaidh an Coimisiún tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, Rialaitheoir a bhfuil sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin arna dtaisceadh ag daoine lena mbaineann an t-imscrúdú (maidir le comhlíontacht na hOifige le ráthaíochtaí nós imeachta agus leis na rialacha is infheidhme maidir lena himscrúduithe) agus atá in ann moltaí a eisiúint don Oifig i ndáil leis an tsaincheist a ardaítear sa ghearán a réiteach; agus

– cuirtear ar a chumas do OLAF, le linn a imscrúduithe, rochtain a fháil ar ghairis atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a úsáidtear chun críoch oibre má bhíonn foras maith amhrais aige go bhféadfadh a bhfuil istigh iontu a bheith ábhartha don imscrúdú; i gcás imscrúduithe seachtracha, beidh an rochtain faoi na coinníollacha céanna agus a mhéid céanna agus a cheadaítear d'údaráis náisiúnta imscrúdú a dhéanamh ar ghairis phríobháideacha; i gcás imscrúduithe inmheánacha, ceadófar an rochtain ach í bunaithe ar na rialacha inmheánacha atá le glacadh ag gach institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann, rialacha maidir leis an bhfoireann agus na comhaltaí atá ag an institiúid sin.

Thacaigh an Coimisiún leis an gcomhaontú ar thángthas air ag an gcruinniú tríthaobhach, ar comhaontú é lena réitítear an bealach le haghaidh comhar tairbheach idir OLAF agus OIPE agus lena gcuirtear le héifeachtacht imscrúduithe OLAF ar roinnt bealaí. I ndáil leis an méid sin, baintear amach cuspóirí an togra ón gCoimisiún. Bhí ábhar imní fós ag an gCoimisiún maidir le gnéithe áirithe den chomhaontú. Go háirithe, ba chúis díomá don Choimisiún nach raibh feabhas ar bith ar inghlacthacht fianaise a bhailíonn OLAF in imeachtaí coiriúla ina dhiaidh sin, is é sin le rá an fhianaise sna hard-ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme nuair a bhíonn OLAF agus OIPE ag tacú le chéile, agus nach raibh rialacha nós imeachta sa Rialachán féin ag gabháil leis na forálacha nua maidir le rochtain ar ghairis phríobháideacha.

Chuir an Coimisiún in iúl, áfach, go bhféadfadh sé glacadh leis na heilimintí sin chun críoch comhaontaithe chríochnaithigh fhoriomláin.

4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.